An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Na príomhchéimeanna i dtreo carthanas a chlárú

Chuir an Rialálaí Carthanas na treoirlínte seo le chéile chun cabhrú le heagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar chlárú sa Chlár Carthanas.

Séanadh Dlíthiúil

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Clár Ábhar

1. Cad a mhínítear sa treoir seo? 2

2. An ceart duit carthanas a bhunú? 3

a. Ag smaoineamh faoina éirí i do charthanas? 3

b. An Tástáil Carthanais 8

3. D'iarratas a ullmhú 12

a. D'eagraíocht a bhunú 12

b. Faisnéis airgeadais agus pleanáil don todhchaí 17

c. Beartais chumhdaigh 18

4. Próiseas measúnaithe agus cinneadh 20

5. Seicliosta 23

1. Cad a mhínítear sa treoir seo?

Is é an Rialálaí Carthanas an comhlacht reachtúil neamhspleách atá freagrach as carthanais a rialáil in Éirinn. Is é atá i gceist lenár gcuid oibre ná carthanais a chlárú, Clár Carthanas a chothabháil, a chinntiú go gcomhlíontar an dlí carthanas agus go gcomhlíonann iontaobhaithe na dualgais atá orthu i ndáil le carthanais chláraithe a rialú agus a bhainistiú, agus imscrúduithe a dhéanamh ar ghnóthaí carthanas cláraithe. Tacaímid leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán na n-eagraíochtaí sin freisin.

Tá an treoir seo dírithe ar aon duine nó aon chomhlacht a bhfuil spéis aige/aici in iarratas a dhéanamh ar chlárú mar eagraíocht charthanúil (carthanas). Cumhdaítear inti na príomhnithe nach mór duit iad a bhreithniú, a fhorbairt nó a bhunú sula ndéanann tú iarratas, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Cén fáth ar cheart duit clárú mar charthanas?
- An tástáil carthanais
- Conas d'eagraíocht a bhunú, lena n-áirítear na struchtúir dhifriúla atá ann agus na doiciméid rialaithe atá ag teastáil
- Pleanáil straitéiseach agus airgeadais do do charthanas beartaithe
- Cumhdach, coinbhleacht leasa, agus beartais eile a bheidh ag teastáil uait
- Conas a dhéanann an Rialálaí Carthanas measúnú ar iarratais ar chlárú agus cad a tharlaíonn tar éis dúinn cinneadh a dhéanamh

Doiciméid ghaolmhara

Tá raon treorach breise ar fáil ar ár suíomh Gréasáin chun cúnamh a thabhairt d'eagraíochtaí a bhfuil sé beartaithe acu iarratas a dhéanamh ar chlárú. Molaimid go láidir duit an treoir sin a léamh sula gcinneann tú iarratas a dhéanamh.

- Cad is carthanas ann?
- Cad is tairbhe phoiblí ann?
- Treoir maidir le cosaint d'eagraíochtaí carthanúla a oibríonn le daoine soghonta
- Treoir maidir le cosaint d'eagraíochtaí carthanúla a oibríonn le leanaí
- Treoir maidir le cúiseanna polaitíochta a bheith á gcur chun cinn ag carthanais
- Coinbhleachtaí leasa a bhainistiú
- Treoir d'iontaobhaithe carthanais
- Treoirlínte do charthanais maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais
- Bunreacht eiseamláireach do chuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta
- Clásail chaighdeánacha do chuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta
- Bunreacht eiseamláireach do chomhlachais neamhchorpraithe
- Clásail chaighdeánacha do chomhlachais neamhchorpraithe

2. An ceart duit carthanas a bhunú?

Céim ollmhór d'aon eagraíocht is ea a éirí ina carthanas. Cé go ngabhann a lán tairbhí le stádas carthanúil, gabhann freagrachtaí dlíthiúla leanúnacha leis freisin. Sa rannán seo, mínímid cé a fhéadfaidh, agus cé nach bhféadfaidh, clárú mar charthanas, cé na roghanna eile atá ar fáil seachas carthanas a bhunú, agus cad atá i gceist leis an tástáil carthanais. Leis an bhfaisnéis sin, cabhrófar lena shoiléiriú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann d'eagraíocht na ceanglais dhlíthiúla atá ann chun clárú mar charthanas.

a Ag smaoineamh faoina éirí i do charthanas?

Is é is carthanas ann ná eagraíocht a fhéachann le cuspóir carthanúil nó cuspóirí carthanúla a chur chun cinn agus leis an méid sin a dhéanamh chun tairbhe phoiblí a sholáthar agus chuige sin amháin. Ní mór d'aon eagraíocht a dhéanann iarratas ar chlárú ar an gClár Carthanas (an "**Clár**") an tástáil carthanais a chomhlíonadh. Tá sé sin pléite ar bhealach níos mine sa chéad rannán eile den doiciméad seo agus sa treoir ar leith uainn dar teideal: Cad is Carthanas ann?

Is próiseas dlíthiúil é an próiseas clárúcháin. Is gá gur phróiseas láidir a bheadh sa phróiseas clárúcháin chun a chinntiú go bhfuil ag Éirinn earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil. Sa phróiseas sin, beidh ar d'eagraíocht a léiriú:

- go bhfuil pleananna soiléire i bhfeidhm aici maidir leis na gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe aici iad a sheoladh chun an cuspóir sin a chur ar aghaidh
- go bhfuil tuiscint shoiléir aici ar cén chuid den phobal a bhainfidh tairbhe as a cuid oibre agus conas a bhainfidh an chuid sin den phobal tairbhe
- go bhfuil cumas aici an cuspóir carthanúil nó na cuspóirí carthanúla atá aici a chur ar aghaidh anois agus le linn shaolré an charthanais araon

Trí uimhir charthanais chláraithe a bheith aici, is féidir go gcabhrófar le heagraíocht díolúine chánach a ghnóthú, deontais a fháil, cuntais bhainc a oscailt, agus réadmhaoine a cheannach, i measc nithe eile. Níor cheart aon iarratas ar chlárú mar charthanas a bheith bunaithe ar na tosca sin agus ar na tosca sin amháin, áfach. Cé go ngabhann tairbhí lena bheith i do charthanas cláraithe, tá oibleagáidí dlíthiúla ar iontaobhaithe carthanais agus tá freagrachtaí tábhachtacha ar oibrithe deonacha eile agus ar aon bhaill foirne freisin.

Ní fhéadfaidh eagraíocht carthanas a ghairm di féin ná a thabhairt le fios gur carthanas í mura bhfuil sí cláraithe mar charthanas. Fágann sé sin nach bhféadfaidh sí í féin nó a gníomhaíochtaí a thuairisciú ar bhealach a thabharfadh ar dhaoine den phobal a chreidiúint le réasún gur eagraíocht charthanúil í. Beidh aon eagraíocht a dhéanfaidh amhlaidh ciontach i gcion faoin Acht Carthanas 2009 ("an tAcht") agus féadfar í a ionchúiseamh.

Ina theannta sin, ní ceadmhach d'eagraíocht atá ag déanamh iarratas ar stádas carthanúil gníomhaíochtaí cruinnithe airgid a thosú ach amháin tar éis don Rialálaí Carthanas a hiarratas ar chlárú mar charthanas a cheadú.

Ós rud é gur próiseas dlíthiúil é an próiseas clárúcháin, tógfaidh sé tamall maith chun é a chríochnú. Molann an Rialálaí Carthanas d'iarratasóir gan aon mhórchinntí ná aon mhórghníomhartha atá ag brath ar uimhir charthanais chláraithe a bheith aige/aici a dhéanamh go dtí go mbeidh an eagraíocht cláraithe.

Cé nach bhféadfaidh clárú mar charthanas?

Eisiatar comhlachtaí áirithe ó chlárú mar charthanais faoin Acht Carthanas 2009. Má tá gníomhaíochtaí d'eagraíochta ag teacht leo sin atá leagtha amach thíos, is féidir gur comhlacht eisiata thú. Sa chás sin, molaimid duit comhairle neamhspleách a lorg sula leanann tú ar aghaidh le d'iarratas.

- Níl grúpaí arb é an t-aon chuspóir amháin atá acu cluiche nó spórt lúthchleasach nó amaitéarach a chur chun cinn incháilithe chun clárú mar charthanas. Féadfaidh grúpaí spóirt clárú ar leithligh do dhíolúine chánach do chomhlachtaí spóirt. Déan teagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim chun tuilleadh faisnéise a fháil. Tá eisceachtaí ann uaidh sin, mar shampla carthanas a bhaineann úsáid as an spórt mar mhodh chun an cuspóir carthanúil atá aige a chur ar aghaidh. Sampla de sin is ea cás ina mbaineann eagraíocht a chuireann imeascadh daoine faoi mhíbhuntáiste ar aghaidh agus a spreagann iad chun rannpháirtíocht iomlán a dhéanamh sa tsochaí úsáid as an spórt mar mhodh chun daoine a bhfuil míchumas foghlama orthu a imeascadh isteach sa tsochaí.
- Páirtithe Polaitíochta, nó comhlacht a chuireann páirtí polaitíochta nó iarrthóir polaitíochta chun cinn.

- Comhlacht a chuireann cúis pholaitíochta chun cinn, ach amháin i gcás go mbaineann cur chun cinn na cúise sin go díreach le cuspóirí carthanúla an chomhlachta a chur ar aghaidh. Tá eisceachtaí ann uaidh sin, áfach. Mar shampla i gcás go bhfuil cur chun cinn na cúise sin coimhdeach (tánaisteach) le cuspóir carthanúil nó cuspóirí carthanúla na heagraíochta a chur ar aghaidh. Sampla d'eagraíocht ar féidir go measfar gur carthanas í go fóill is ea eagraíocht a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aici seirbhísí a sholáthar do dhaoine gan dídean ach a bhfuil cuspóir coimhdeach aici dul i mbun feachtais ar son seirbhísí a fheabhsú don ghrúpa daoine sin. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa treoirdhoiciméad uainn dar teideal: **Treoir maidir le Cúiseanna Polaitíochta a bheith á gCur Chun Cinn ag Carthanais**.
- Ceardchumann nó comhlacht ionadaíoch fostóirí.
- Cumann lucht tráchtála.
- Comhlacht a dhéanann cur chun cinn ar chuspóirí atá neamhdhleathach, atá contrártha don mhoráltacht phoiblí, atá contrártha don bheartas poiblí, atá ina dtacaíocht le sceimhlitheoireacht nó le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, cibé acu sa Stát nó lasmuigh den Stát, nó a théann chun tairbhe d'eagraíocht a bhfuil sé neamhdhleathach ag duine a bheith ina chomhalta nó ina comhalta di.

Cúiseanna eile nach bhféadfar eagraíocht a chlárú mar charthanas

✗ Gan pas a fháil sa Tástáil Carthanais

Ní carthanas faoin Acht í aon eagraíocht nach gcomhlíonann gach eilimint den tástáil carthanais. Aon eagraíocht nach gcomhlíonann an tástáil carthanais, ní fhéadfar í a chlárú mar charthanas faoin Acht agus ní fhéadfaidh sí carthanas a ghairm di féin. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil sa chéad rannán eile.

✗ Cruinniú airgid ar son duine aonair

Ceanglaítear ar charthanais dul chun tairbhe don phobal nó do chuid den phobal. Iad sin a chruinníonn airgead ar son duine aonair amháin, nó ar son líon beag daoine aonair sainaitheanta, ní éireoidh leo sa tástáil carthanais.

✗ Eagraíochtaí áirithe 'neamhbhrabúis'

Cé go bhfuil carthanais ina gcineál eagraíochta 'neamhbhrabúis' amháin, níl gach eagraíocht 'neamhbhrabúis' ina gcarthanais faoin Acht. Chun a bheith ina carthanas, ní mór d'eagraíocht a bheith bunaithe chun críche carthanúla nó chun críocha carthanúla agus chun na críche nó chun na gcríoch sin amháin agus ní mór di tairbhe phoiblí a sholáthar. Ní carthanas a bheidh in eagraíocht nach bhfuil aon chuspóir carthanúil aici, fiú amháin i gcás go n-oibríonn sí ar bhonn neamhbhrabúis. Sampla de sin a bheadh in eagraíocht neamhbhrabúis a bunaíodh chun an turasóireacht a chur chun cinn. Ní ionann cur chun cinn na turasóireachta agus cuspóir carthanúil faoin Acht.

✗ Eagraíochtaí a bhfuil cuspóirí measctha acu

Is ag roinnt eagraíochtaí atá cuspóirí measctha, áit a bhfuil roinnt de na gníomhaíochtaí de chuid na heagraíochta carthanúil agus a bhfuil cinn eile neamhcharthanúil. Sampla d'eagraíocht den sórt sin is ea eagraíocht a sholáthraíonn traenáil pheile do leanaí ar tháille sheachtainiúil den chuid is mó. Uair amháin sa tseachtain, soláthraíonn sí traenáil saor in aisce do leanaí is dídeanaithe mar mhodh chun imeascadh sóisialta a chur chun cinn. Is eisiata atá ceann amháin de na cuspóirí sin, toisc nach meastar an spórt a bheith ina chuspóir carthanúil faoi Acht 2009. Mheasfaí an cuspóir eile – traenáil a sholáthar chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn – a bheith ina chuspóir carthanúil faoin Acht, áfach.

Ní bhfaigheadh eagraíocht a bhfuil cuspóirí measctha aici pas sa tástáil carthanais toisc nach bhfuil a cuspóirí carthanúil agus carthanúil amháin.

An gá duit carthanas a bhunú?

Má tá tú ag smaoineamh faoi charthanas a bhunú, ba cheart duit a bhreithniú, sula dtosaíonn tú an próiseas clárúcháin, cé acu atá nó nach bhfuil sé sin ar an mbealach is fearr chun an aidhm atá agat a bhaint amach. Breithnigh na ceisteanna seo a leanas:

C. An bhfuil carthanas ann cheana a dhéanann na gníomhaíochtaí céanna agus a bhféadfá cabhrú leis mar oibrí deonach nó mar iontaobhaí carthanais?
Is minic a bhíonn carthanais ag lorg oibrithe deonacha nó iontaobhaithe chun dul i bpáirt leo.

C. An bhfuil fonn ort carthanas a thosú nó an bhfuil fonn ort airgead a chruinniú?
Má tá fonn ort airgead a chruinniú le haghaidh cúis mhaith, is ann do mhórán roghanna is féidir leat a iniúchadh.

C. An bhfuil agat an cumas agus an tacaíocht atá ag teastáil chun carthanas a reáchtáil?
Fiontar mór is ea carthanas a bhunú agus a reáchtáil. Molaimid duit do thogra a bhreithniú go cúramach agus an treoir uainn a léamh chun a thuiscint cén tionchar a bheadh ag fiontar den sórt sin ort.

C. An mbeidh agat na hacmhainní riaracháin agus airgeadais a bheidh ag teastáil chun carthanas a reáchtáil san fhadtéarma?
Cé gur féidir go n-éireoidh leat airgead a chruinniú ar dtús, ba cheart duit a fhiafraí díot féin an mbeidh an cumas agat chun leanúint leis sin san fhadtéarma chun do chuspóirí carthanúla a chomhlíonadh. Beidh foireann daoine ag teastáil uait freisin chun cabhrú leat. An mbeidh tú in ann leanúint le daoine cumasacha a mhealladh chuig do charthanas beartaithe?

C. Ar bhreithnigh tú aon rogha eile ar charthanas a bhunú?
Is féidir go mbeidh fonn ort smaoineamh faoi fhiontar sóisialta a bhunú. Is é is fiontar sóisialta ann ná cuideachta a fhéachann le tionchar sóisialta intomhaiste a bhaint amach i dteannta torthaí airgeadais.

C. An bhféadfá aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar an riachtanas a shainaithin tú trí chiste atá faoi threoir ag síntiúsóirí a bhunú?
Is ciste é sin a chruthaítear chun síntiúis charthanúla a bhainistiú thar ceann eagraíochta, teaghlaigh nó duine aonair. Is é carthanas tríú páirtí a riarann an ciste agus is rogha eile é ar shíntiúis a thabhairt go díreach nó ar fhondúireacht phríobháideach.

Má chinneann tú gurb é carthanas a bhunú an rogha cheart duit, léigh ar aghaidh chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin bpróiseas clárúcháin, lena n-áirítear roinnt de na doiciméid, na beartais agus na próisis a theastaíonn chun carthanas a chlárú agus a reáchtáil.

b An Tástáil Carthanais

Chun a bheith i do charthanas in Éirinn, ní mór duit an tástáil carthanais a chomhlíonadh. Ní mór duit a léiriú i d'iarratas conas a chomhlíonann tú an tástáil.

Is gá do d'eagraíocht ceanglais na tástála carthanais a phlé agus is gá gur dheimhin léi go gcomhlíonann sí na ceanglais sin. Ina theannta sin, is gá duit an fhaisnéis riachtanach ar fad agus na doiciméid riachtanacha ar fad a chur faoinár mbráid in éineacht le d'iarratas.

Leagtar amach san Acht Carthanas 2009 ("an tAcht") na ceanglais nach mór do d'eagraíocht iad a chomhlíonadh chun go measfar gur carthanas í. Is é an bealach is fearr chun an sainmhíniú ar charthanas a léiriú ná an léaráid shimplí seo a leanas a úsáid:

An gcomhlíonann d'eagraíocht ceanglais na tástála carthanais?

Chun ceanglais na tástála carthanais agus ár gceanglais chlárúcháin a chomhlíonadh, ní mór do d'eagraíocht fianaise a sholáthar á léiriú:

- ✔ Nach comhlacht eisiata í
- ✔ Gurb ann di chun cuspóir carthanúil amháin nó níos mó a chomhlíonadh
- ✔ Go gcuireann sí na cuspóirí carthanúla sin, agus na cuspóirí sin amháin, chun cinn
- ✔ Go gcuireann sí gach gníomhaíocht i gcrích chun na cuspóirí carthanúla sin a chur chun cinn
- ✔ Go gceanglaítear leis an mbunreacht (doiciméad rialaithe) ar an eagraíocht a maoin ar fad (idir réadach agus phearsanta) a úsáid chun an cuspóir carthanúil nó na cuspóirí carthanúla atá aici a chur chun cinn
- ✔ Go n-oibríonn sí i bPoblacht na hÉireann agus gurb ann di chun dul chun tairbhe don phobal nó do chuid den phobal in Éirinn, nó in áit eile, trí na cuspóirí carthanúla atá aici

Oibríonn an eagraíocht in Éirinn

Ní mór do charthanas a oibríonn in Éirinn, nó a bhfuil sé beartaithe aige oibriú nó gníomhaíochtaí a sheoladh in Éirinn, iarratas a dhéanamh ar chlárú. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, gur gá do na daoine (nó don chuid den phobal) a bhainfidh tairbhe as obair d'eagraíochta a bheith in Éirinn. Mar shampla, féadfaidh eagraíocht a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aici oideachas a chur ar aghaidh oibriú in Éirinn trí scoileanna a thógáil i roinnt pobal i réigiún sonrach lasmuigh d'Éirinn chun dul chun tairbhe do leanaí agus glúine amach anseo na bpobal sin.

Cuspóir carthanúil

Is ionann an cuspóir carthanúil agus an cuspóir ar lena aghaidh a bunaíodh an carthanas. Leagtar catagóirí sonracha de chuspóirí carthanúla amach san Acht. Chun ceanglais na tástála carthanais a chomhlíonadh i d'iarratas, beidh ort faisnéis a sholáthar faoi na nithe seo a leanas:

- Conas a chuirfidh tú an cuspóir carthanúil nó na cuspóirí carthanúla atá roghnaithe agat ar aghaidh trí do ghníomhaíochtaí
- Cé na torthaí ar lena n-aghaidh a bunaíodh an carthanas agus cé a bhainfidh tairbhe

Áirítear iad seo a leanas le catagóirí de chuspóirí carthanúla:

- An bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú
- Oideachas a chur ar aghaidh
- Creideamh a chur ar aghaidh
- Aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal amhail:
  - Leas an phobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear faoiseamh dóibh siúd atá i ngátar de dheasca a óige atá siad, a shine atá siad, drochshláinte, nó éagumais
  - Forbairt pobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear athbheochan tuaithe nó athbheochan uirbeach
  - Freagracht chathartha nó obair shaorálach a chur chun cinn
  - An tsláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear breoiteacht, galair nó fulaingt daoine a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna
  - Réiteach coinbhleachtaí nó an t-athmhuintearas a chur ar aghaidh
  - Síth idir creidimh agus ciní mar aon le caidreamh sítheach pobail a chur chun cinn
  - An timpeallacht nádúrtha a chosaint agus inchothaitheacht chomhshaoil a chur ar aghaidh
  - Úsáid éifeachtúil éifeachtach maoine eagraíochtaí carthanúla a chur ar aghaidh
  - Fulaingt ainmhithe a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna
  - Na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nó na heolaíochtaí a chur ar aghaidh
  - Iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste a imeascadh, agus iad a spreagadh chun rannpháirtíocht iomlán a dhéanamh sa tsochaí

Tá tuilleadh faisnéise, lena n-áirítear míniú mionsonraithe ar gach cuspóir, ar fáil sa treoir uainn dar teideal: **Cad is carthanas ann?**

Tairbhe Phoiblí

Ní mór do chuspóirí carthanúla aon eagraíochta dul chun tairbhe don phobal nó do chuid den phobal in Éirinn nó in áit eile. Toisc go soláthraíonn siad tairbhe phoiblí, ní ionann carthanais agus eagraíochtaí eile. Ní mór na tairbhí sin a bheith in-sainaitheanta. Má tá níos mó ná cuspóir carthanúil amháin ag eagraíocht, ní mór duit bheith in ann na tairbhí a bhaineann le gach cuspóir ar leith a shainaithint. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an treoir uainn dar teideal **'Cad is Tairbhe Phoiblí Ann?'**

Tá sé tábhachtach a chuimhneamh nach mór do charthanas cláraithe tairbhe phoiblí a sholáthar. Mura soláthraíonn d'eagraíocht tairbhe phoiblí, ní fhéadfar do chuspóir a mheas a bheith ina chuspóir carthanúil.

Tá dhá ghné i gceist le tairbhe phoiblí. Nuair a dhéanaimid meastóireacht ar an tairbhe phoiblí a bhaineann le gníomhaíochtaí aon eagraíochta, breithnímid na nithe seo a leanas:

1. An luach a chruthaíonn an ghníomhaíocht charthanúil nó na gníomhaíochtaí carthanúla
2. Cé a ghnóthaíonn an tairbhe agus an luach a bhaineann leis na gníomhaíochtaí carthanúla sin.

Mar shampla, ní sholáthraíonn cruinniú airgid a sheoltar chun billí liachta duine amháin a íoc aon tairbhe phoiblí toisc nach dtéann sé chun tairbhe ach do dhuine amháin. Má sheolann tú cruinniú airgid chun billí liachta aon aicme daoine a bhfuil tinneas ar leith orthu a íoc, áfach, is dóigh go gcomhlíonfaidh do chruinniú airgid an ceanglas go mbeadh tairbhe phoiblí ann.

Is féidir go rachaidh tairbhe phoiblí chun tairbhe do gach duine – an pobal i gcoitinne – nó do chuid den phobal. Féadfaidh d'eagraíocht ceanglais na tástála tairbhe poiblí a chomhlíonadh fiú amháin i gcás nach bhfuil sna daoine a ghnóthaíonn an tairbhe phoiblí ach cuid bheag den phobal.

Beidh an freagra ar an gceist maidir le cé acu a mheasfar nó nach measfar grúpa ar leith a bheith dóthanach chun an ghné phoiblí a chomhlíonadh ag brath ar an gcuspóir carthanúil gaolmhar agus ar an tairbhe bheartaithe.

Is féidir le cuid den phobal:

- ✔ Bheith lonnaithe i láthair gheografach ar leith nó bheith i bpobal ar leith, amhail pobal na mbodhar nó an pobal Giúdach
- ✔ Bheith in aoisghrúpa ar leith, amhail daoine óga nó daoine scothaosta
- ✔ Saintréith choiteann a bheith aici, amhail:
  - drochshláinte
  - éagumas
  - míbhuntáiste nó bochtaineacht
  - riocht sláinte nó galar sonrach

Tairbhe phoiblí agus d'iarratas

Chun ceanglais na tástála carthanais a chomhlíonadh i d'iarratas, beidh ort faisnéis a sholáthar chun na nithe seo a leanas a léiriú:

- Cén grúpa sonrach daoine aonair a bhaineann tairbhe as obair do charthanais
- Cén fáth a bhfuil údar ann le haon teorainneacha ar cé a fhéadfaidh tairbhe a bhaint agus cén fáth a bhfuil na teorainneacha sin réasúnach
- Aon teorainneacha a fhéadfaidh an eagraíocht a fhorchur ar cé a bhainfidh tairbhe. Mar shampla, is féidir go mbeidh teorainneacha ann ar an líon láithreacha ina soláthraíonn tú gníomhaíochtaí, ar na haoisghrúpaí, na hinscní nó na breoiteachtaí sonracha a bhainfidh tairbhe nó ar na daoine a fhéadfaidh a bheith ina mball. Mar shampla, má sholáthraíonn tú comhairleoireacht do leanaí a bhfuil ailse orthu, is iad na teorainneacha a fhorchuireann tú ná aois agus breoiteacht shonrach.
- Cén fáth nach gcuireann na táillí a ghearrtar as gníomhaíochtaí nó seirbhísí aon bhac ar do sheirbhísí a rochtain
- Ballraíocht na heagraíochta agus aon táillí atá i gceist
- Sonraí faoi conas a rachaidh tú chun tairbhe don phobal

Tairbhithe a roghnú

Molaimid duit beartas um thairbhithe a roghnú a dhréachtú agus a chomhaontú, rud lena gcabhrófar leat sainaithint agus roghnú a dhéanamh ar na daoine a bhainfidh tairbhe as do ghníomhaíochtaí. Más rud é go bhforchuireann tú teorainneacha, go ngearrann tú táille nó go soláthraíonn tú deontais nó cistiú, ní mór duit do bheartas um thairbhithe a roghnú a chur isteach.

3. D'iarratas a ullmhú

Leis an rannán seo, cabhrófar leat d'iarratas ar chlárú a ullmhú. Áirítear leis treoir maidir le conas d'eagraíocht a bhunú agus pleanáil dá todhchaí, ceanglais chumhdaigh, agus na sonraí airgeadais a cheanglófar ort a sholáthar i d'iarratas. Tugtar ann freisin forbhreathnú ar an bpróiseas a úsáidimid chun iarratais a mheasúnú.

Le linn duit d'iarratas a ullmhú, beidh sé tábhachtach d'aimsir a thógáil, an fhaisnéis riachtanach ar fad a bhailiú, agus a chinntiú go mbeidh agat gach rud a theastaíonn uait sula ndéanann tú iarratas chugainn.

a D'eagraíocht a bhunú

Ní mór duit roinnt cúraimí a chur i gcrích chun carthanas a bhunú, is iad sin:

- grúpa iontaobhaithe a shainaithint agus a roghnú
- ainm a roghnú do do charthanas
- struchtúr nó foirm dhlíthiúil do charthanais a chinneadh
- doiciméad rialaithe a dhréachtú
- beartais d'eagraíochta a dhréachtú

I d'iarratas, ní mór duit fianaise a sholáthar á léiriú gur cuireadh na cúraimí sin i gcrích. Mura ndéanann tú amhlaidh, seolfar an t-iarratas ar ais chugat agus cuirfear moill ar an bpróiseas measúnaithe.

Iontaobhaithe Carthanais

Chun carthanas a thosú, ní mór duit grúpa daoine a thabhairt le chéile mar iontaobhaithe carthanais ar mhaithe le bord a chruthú. Is é an bord an comhlacht ceannais ar charthanas. Is iad iontaobhaithe carthanais na daoine a fheidhmíonn rialú ar charthanas ar deireadh thiar agus a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an gcarthanas.

Ní fhéadfaidh gach duine a bheith ina (h)iontaobhaí carthanais. Tá roinnt tosca dícháilitheacha ann. Tá sé tábhachtach go seiceálfadh d'eagraíocht cé acu atá nó nach bhfuil na hiontaobhaithe incháilithe sula ndéanann sí iarratas chuig an Rialálaí Carthanas. Molaimid do gach iontaobhaí carthanais ionchasach an treoirdhoiciméad uainn dar teideal **Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais** a léamh.

Ar mhaithe le dea-rialachas a bhaint amach, molaimid go mbeadh triúr iontaobhaithe carthanais ar a laghad ag carthanais. Ba cheart dá bhformhór bheith neamhghaolta lena chéile agus neamhspleách ar a chéile agus cónaí a bheith orthu sa Stát. I gcás go mbeidh

baint phearsanta ann idir iontaobhaithe – mar shampla, i gcás gur deirfiúracha iad beirt iontaobhaithe – ba cheart don bhord féachaint le tuilleadh iontaobhaithe nach bhfuil gaolta lena chéile agus atá neamhspleách ar a chéile a fháil chun bord cothromaithe a chinntiú.

Ba cheart do bhord iontaobhaithe carthanais d'eagraíochta an meascán ceart scileanna a bheith aige chun gach gné den charthanas a bhainistiú. Ba cheart do na hiontaobhaithe carthanais bheith ar an eolas faoi na dualgais atá orthu freisin.

Ní ceadmhach d'iontaobhaithe brabús a dhéanamh ar a ndualgais mar iontaobhaí carthanais a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh tú glacadh le tuarastal a bhaineann go sonrach le do ról mar iontaobhaí carthanais. Ní fhéadfaidh tú aon sochair eile a fháil ina leith ach oiread. Mar sin féin, d'fhéadfadh go n-aisíocfaí leat speansais réasúnacha a thabhaíonn tú le linn duit do dhualgais a chomhlíonadh. Foráiltear le halt 89 den Acht Carthanas 2009 go bhféadfaidh iontaobhaithe carthanais comhaontú seirbhíse i scríbhinn a dhéanamh le carthanas. Níor tháinig an t-alt sin i bhfeidhm go fóill, áfach. Soláthróidh an Rialálaí Carthanas tuilleadh treorach maidir le luach saothair in am is i dtráth.

Ainm an charthanais

Ní mór do charthanas nua ainm a chomhaontú dá charthanas. Tá feidhm ag rialacha áirithe ina leith sin, agus iad leagtha amach thíos.

- ✔ An bhfuil an t-ainm díreach mar an gcéanna le hainm carthanais reatha nó an bhfuil sé cosúil le hainm carthanais reatha?
- ✔ An bhfuil sé amhlaidh go bhféadfadh an t-ainm daoine a chur ar míthreoir maidir le cuspóir nó cuspóirí nó gníomhaíochtaí an charthanais?
- ✔ An bhfuil sé amhlaidh go bhféadfadh an t-ainm tabhairt ar dhaoine a chreidiúint, agus dul amú orthu, go bhfuil baint ag an gcarthanas le comhlacht eile?
- ✔ An bhfuil sé amhlaidh go bhféadfadh an t-ainm múisiam a chur ar dhuine réasúnach?

Má fhreagair tú 'tá' ar aon cheann de na ceisteanna thuas, ba cheart duit smaoineamh faoi d'ainm a athrú.

Struchtúr eagrúcháin

Agus struchtúr nó foirm dhlíthiúil d'eagraíochta á c(h)inneadh agat, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar cén struchtúr nó cén fhoirm dhlíthiúil a bheidh ar an gceann is oiriúnaí don eagraíocht. Tá rialacha difriúla ag eintitis dhifriúla, ag brath ar an struchtúr atá roghnaithe acu. Má chláraíonn tú mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta, mar shampla, ceanglófar ort tuairisciú don Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus don Rialálaí Carthanas araon.

Ba cheart duit tuiscint a bheith agat freisin ar impleachtaí an struchtúir ar leith a roghnóidh tú, mar shampla cé acu a bheidh nó nach mbeidh iontaobhaithe carthanais faoi dhliteanas pearsanta gan teorainn i leith fhiachais an charthanais, mar a tharlaíonn i gcás comhlachas neamhchorpraithe.

Is iad seo a leanas na struchtúir charthanais is coitianta in Éirinn (ach gan a bheith teoranta dóibh):

- Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (CLG/CTR)
- Comhlachas neamhchorpraithe
- Iontaobhas

Tá buntáistí agus míbhuntáistí éagsúla ag baint le gach cineál struchtúir; agus ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar a bhfuil oiriúnach do d'eagraíocht, ag féachaint dá cuspóirí carthanúla, dá méid, dá castacht, do chineál a gníomhaíochtaí agus do cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe aici maoin d'aon chineál a shealbhú. Mura bhfuil tú cinnte, ba cheart duit comhairle neamhspleách a lorg.

Doiciméad rialaithe

Is é an doiciméad rialaithe an doiciméad dlíthiúil ina leagtar amach cad a dhéanann d'eagraíocht agus conas a oibríonn sí. Tugtar an 'bunreacht' air de ghnáth. Tugtar na 'rialacha' air freisin, áfach, ag brath ar struchtúr dlíthiúil na heagraíochta. Ba cheart doiciméad rialaithe d'eagraíochta a bheith mar bhonn do na nithe uile a dhéanfaidh d'eagraíocht agus don dóigh a ndéanfaidh sí iad. Ní mór a chur in iúl go soiléir sa doiciméad rialaithe gur bunaíodh d'eagraíocht chun críche carthanúla nó chun críocha carthanúla agus chun na críche nó chun na gcríoch sin amháin. Ní mór do d'eagraíocht doiciméad rialaithe cuí a bheith i bhfeidhm aici sula ndéanaimid aon bhreithniú ar iarratas d'eagraíochta ar chlárú mar charthanas.

Ceanglaítear ort trí chlásal chaighdeánacha a bheith agat i do dhoiciméad rialaithe más mian leat clárú mar charthanas. Cumhdaítear iontu sin nithe amhail conas a bhainisteoidh an eagraíocht a hioncam agus a maoin; leasuithe ar an doiciméad rialaithe; agus ceanglais áirithe a bhaineann leis an gcarthanas a fhoirceannadh. Is féidir na clásail sin a fháil sna treoracha seo a leanas: **Clásail Chaighdeánacha le haghaidh Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta** agus **Clásail Chaighdeánacha le haghaidh comhlachas agus le haghaidh comhlachtaí neamhchorpraithe eile**. Mura bhfuil na míreanna sin ar áireamh ann, ní mór an doiciméad rialaithe a leasú sula gcuireann tú d'iarratas faoinár mbráid.

Chuireamar bunreachtanna samplacha le chéile do na struchtúir eagrúcháin seo a leanas: **Bunreacht Eiseamláireach le haghaidh Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta** agus **Bunreacht Eiseamláireach le haghaidh comhlachas agus le haghaidh comhlachtaí neamhchorpraithe eile**. Beidh na nithe sin an-úsáideach duit maidir le do bhunreacht a dhréachtú agus maidir lena chinntiú go gcomhlíonfaidh do bhunreacht reatha ceanglais an Achta.

Ní mór **príomhchuspóir** a bheith sa doiciméad rialaithe. Is é is príomhchuspóir ann ná ráiteas ina leagtar amach an cuspóir príomhúil atá ag eagraíocht. Is gnách go mbíonn sé le feiceáil i dtús an doiciméid, mar atá léirithe sna bunreachtanna samplacha. Ní mór an príomhchuspóir nó na príomhchuspóirí a bheith ag teacht leis an gcuspóir carthanúil roghnaithe. Is féidir go mbeidh cuspóirí coimhdeacha nó fochuspóirí sa doiciméad rialaithe freisin. Is é is cuspóir coimhdeach nó fochuspóir ann ná cuspóir a ghabhann le príomhchuspóir na heagraíochta agus a thacaíonn leis.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith leagtha amach go soiléir sa phríomhchuspóir:

- cén cuspóir ar lena aghaidh a bunaíodh an eagraíocht
- cén áit a n-oibreoidh sí
- cé a bhainfidh tairbhe aisti
- conas a bhainfidh sí a cuspóirí amach

Mar shampla: 'Is é an príomhchuspóir ar lena aghaidh atá CARTHANAS ABC á bhunú ná na healaíona (cad é) i mBéal an Átha, Co. Mhaigh Eo (cén áit), a chur ar aghaidh do dhaoine óga (cé) trí oiliúint i scileanna drámaíochta agus amharclannaíochta a sholáthar saor in aisce (conas).'

Leagtar na catagóirí sonracha de chuspóirí carthanúla amach san Acht Carthanas 2009. Ní mór do phríomhchuspóir d'eagraíochta ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí sin a chur chun cinn agus dul chun tairbhe don phobal nó do chuid den phobal in Éirinn nó in áit eile.

Seicliosta: Doiciméad Rialaithe

- ✔ An bhfuil sé amhlaidh go leagtar amach go soiléir i do phríomhchuspóir cén cuspóir ar lena aghaidh a bunaíodh an eagraíocht, cén áit a n-oibreoidh sí, cé a bhainfidh tairbhe aisti agus conas a bhainfidh sí a cuspóirí amach?
- ✔ An bhfuil an clásal ioncaim agus maoine i do dhoiciméad rialaithe?
- ✔ An bhfuil an clásal breiseanna, athruithe nó leasuithe i do dhoiciméad rialaithe?
- ✔ An bhfuil an clásal foirceanta i do dhoiciméad rialaithe?
- ✔ An bhfuil clásal agat a bhaineann le dícháiliú iontaobhaithe faoi alt 55 den Acht Carthanas?

Más rud é go n-éiríonn d'eagraíocht ina carthanas cláraithe agus gur mian leat leas a bhaint as Uimhir Dhíolúine Carthanúla Cánach (Uimhir CHY) ó na Coimisinéirí Ioncaim, beidh sé riachtanach go mbeadh i ndoiciméad rialaithe d'eagraíochta freisin rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le pinsin agus maidir le carnadh cistí.

Oibrithe deonacha, baill foirne, comhairleoirí, agus cruinnitheoirí airgid

Ceanglaímid faisnéis faoi na daoine a bhfuil baint dhíreach acu le do charthanas a reáchtáil, amhail oibrithe deonacha, baill foirne, comhairleoirí, agus cruinnitheoirí airgid.

Coinbhleacht leasa agus daoine bainteacha

Tá sé tábhachtach freisin breithniú a dhéanamh ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht roimh d'eagraíocht. Mar chuid den phróiseas iarratais, ní mór duit sonraí a nochtadh faoi aon 'daoine bainteacha', lena n-áirítear caidrimh theaghlaigh, ghnó agus fostaíochta. Ba cheart don bhord iontaobhaithe carthanais bheith ar an eolas faoi aon bhaint phearsanta atá ann idir na daoine seo a leanas:

- Na hiontaobhaithe carthanais
- Iontaobhaí carthanais agus aon bhall foirne íoctha
- Iontaobhaí carthanais agus aon duine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí ar chostas don charthanas, mar shampla tiarna talún, cuntasóir, soláthraithe trealaimh, etc.

Is féidir go dtiocfaidh 'tairbhe phríobháideach' as na cineálacha bainte thuas.

Tairbhe phríobháideach

Is é is tairbhe phríobháideach ann ná tairbhe a ghnóthaíonn eagraíocht nó duine aonair amháin, seachas mar dhuine den phobal nó mar chuid den phobal, as gníomhaíochtaí an charthanais. Tá roinnt tairbhe príobháidí ceadaithe, i gcás go meastar í a bheith riachtanach chun gur féidir leis an gcarthanas oibriú agus a sheirbhís a sholáthar. Mar shampla, is mar nithe atá coimhdeach agus riachtanach sna himthosca a aithnítear tairbhí príobháideacha ceadaithe amhail tuarastail foirne agus íocaíochtaí a dhéantar le tríú páirtithe a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí amhail trealamh oifige, cíos nó táillí cuntasaíochta. Ní mór aon íocaíochtaí den sórt sin a bheith réasúnach freisin, áfach.

Chun go mbeidh tairbhe phríobháideach ceadaithe, ní mór don charthanas a léiriú go bhfuil an tairbhe:

- ✔ Réasúnach sna himthosca uile
- ✔ Coimhdeach leis na gníomhaíochtaí a sholáthraíonn an tairbhe phoiblí (tá an tairbhe phríobháideach sa bhreis ar na gníomhaíochtaí sin nó tugann sí tacaíocht bhreise dóibh)
- ✔ Riachtanach chun an tairbhe phoiblí a bhaint amach

Measúnófar an tairbhe phríobháideach i ngach cás chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sí ceadaithe. Cuirfear imthosca gach cáis san áireamh le linn an tairbhe phríobháideach a mheasúnú. Ní ceadmhach an tairbhe phríobháideach a bheith níos mó ná an tairbhe phoiblí. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an treoir uainn dar teideal **'Cad is Tairbhe Phoiblí Ann?'**

b Faisnéis airgeadais agus pleanáil don todhchaí

Mar chuid de d'iarratas, déanfaimid measúnú ar d'fhaisnéis airgeadais bheartaithe agus ar do phleanáil do thodhchaí d'eagraíochta. Déanfar é sin chun a chinntiú go mbeidh d'eagraíocht in ann leanúint le do chuspóir carthanúil a chur ar aghaidh.

Faisnéis Airgeadais

Tá sé ríthábhachtach go mbainisteofaí gach eagraíocht charthanúil ar bhealach a fhágann go bhfuil an tairbhe phoiblí a sholáthraíonn sí inbhuanaithe agus go gcosnaítear aon sócmhainní carthanúla.

Ceanglófar ort an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach mar chuid den fhoirm iarratais:

- Dáta deiridh do bhliana airgeadais. Is é seo an dáta a chríochnaíonn do thréimhse chuntasaíochta airgeadais 12 mhí agus a chinneann cén dáta a mbeidh do Thuarascáil Bhliantúil chuig an Rialálaí Carthanas dlite. Ailíníonn formhór na gcarthanas cláraithe a mbliain airgeadais leis an mbliain féilire chun go gcríochnaíonn sí an 31 Nollaig. Mura bhfuil tú cinnte faoi do dháta, is féidir leat é a fháil ar ráitis airgeadais, má tá siad ar fáil.
- Ollioncam agus ollchaiteachas don bhliain airgeadais roimhe, má tá an carthanas i mbun feidhme
- Réamh-mheastacháin airgeadais mhionsonraithe don chéad dá bhliain eile
- Sonraí faoi aon sócmhainní nó aon dliteanais
- Sonraí faoi ghníomhaíochtaí cruinnithe airgid
- Sonraí faoi aon chuntais bhainc, lena n-áirítear cuntais comhar creidmheasa

Tá treoir do charthanais maidir le rialachas airgeadais láidir a chinntiú ar fáil anseo: **Treoirlínte do Charthanais maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais** agus **Treoir maidir le Cúlchistí Carthanais**.

Pleanáil don todhchaí

Trí leibhéal pleanála atá oiriúnach do mhéid agus castacht na heagraíochta, cabhrófar leis na hiontaobhaithe carthanais a chinntiú go mbainistítear an carthanas go héifeachtach. Ba cheart do na hiontaobhaithe carthanais plé a dhéanamh ar an dóigh a leanfaidh an eagraíocht ar aghaidh bliain ar bhliain, ar a spriocanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha, ar a

meastacháin airgeadais agus ar a tosaíochtaí agus ar an dóigh a ndéanfar faireachán ar na nithe sin.

Mar chuid den iarratas, ní mór duit na cuspóirí atá agat chun an cuspóir carthanúil nó na cuspóirí carthanúla atá roghnaithe agat a chur ar aghaidh agus conas a bhainfidh tú an cuspóir nó na cuspóirí sin amach ar feadh na 24 mhí atá romhainn a leagan amach. Má leagann tú amach gníomhaíochtaí óna dteastaíonn caiteachas airgeadais, ba cheart an caiteachas sin a léiriú san fhaisnéis airgeadais ar an bhfoirm iarratais.

c Beartais chumhdaigh

Más rud é go n-oibríonn d'eagraíocht le leanaí nó le haosaigh shoghonta, nó go mbeartaíonn sí obair leo, cibé acu mar thairbhithe nó mar oibrithe deonacha, ní mór duit a léiriú le linn an phróisis iarratais go dtuigeann tú na hoibleagáidí cumhdaigh atá ort.

Baineann cumhdach leis na próisis agus na gníomhartha a dhéanann eagraíocht chun leas leanaí agus leas aosach soghonta a chur chun cinn agus chun iad a chosaint ar dhíobháil. Is é is aosach soghonta ann ná duine a bhfuil tinneas meabhrach air/uirthi, a bhfuil néaltrú air/uirthi, a bhfuil míchumas intleachtúil air/uirthi nó a bhfuil mallachar coirp air/uirthi ar de chineál é a chuireann srian ar chumas an duine a bheith san airdeall roimh dhíobháil ó dhuine eile. Tá ríthábhacht ag baint le cumhdach éifeachtach maidir le drochúsáid a chosc, maidir le comharthaí rabhaidh a thabhairt faoi deara agus maidir le fógra a thabhairt do na húdaráis ábhartha cabhrú le híospartaigh dhrochúsáide ar bhealach tráthúil.

I gcás go bhfuil obair le daoine soghonta i gceist le gníomhaíochtaí an charthanais, ní mór d'iontaobhaithe an charthanais agus do gach duine a oibríonn agus a dhéanann obair dheonach leis an gcarthanas bheith ar an eolas faoi na ceanglais chumhdaigh is infheidhme agus na nósanna imeachta measúnaithe riosca, na seiceálacha sábháilteachta agus na coimircí atá riachtanach a bheith i bhfeidhm acu.

Agus iarratas á dhéanamh agat ar chlárú, ní mór duit beartas a bheith i bhfeidhm agat ina mionsonraítear conas a bheartaíonn an eagraíocht na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Freagairt do theagmhais nó d'ábhair imní
- Tuairisciú ar theagmhais nó ar ábhair imní
- Teagmhais nó ábhair imní den sórt sin a thaifeadadh

- Oibrithe deonacha agus baill foirne a oiliúint

Tá treoir maidir le rialacháin agus maidir le beartais chumhdaigh agus nósanna imeachta cumhdaigh a chur le chéile ar fáil:

- **Treoir maidir le Cosaint d'Eagraíochtaí Carthanúla a Oibríonn le Daoine Soghonta**
- **Treoir maidir le Cosaint d'Eagraíochtaí Carthanúla a Oibríonn le Leanaí**
- Chun faisnéis a fháil maidir le cumhdach leanaí, tabhair cuairt ar **shuíomh Gréasáin Tusla**
- Chun faisnéis a fháil maidir le cumhdach aosach soghonta, tabhair cuairt ar **shuíomh Gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

Má oibríonn tú le leanaí, ceanglaítear le dlí ort na nithe seo a leanas a dhéanamh agus an fhaisnéis lena mbaineann a chur isteach in éineacht le d'iarratas.

- Measúnú riosca a dhéanamh
- Duine iomchuí a cheapadh
- Ráiteas um chumhdach leanaí a ullmhú, agus ceanglas sonrach ann an measúnú riosca réamhluaite a chur ar áireamh ann

Ceanglófar ort faisnéis faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a sholáthar mar chuid de d'iarratas freisin. Mar shampla, ní mór duit a dheimhniú cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear ort dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus cén comhlacht a dhéanann an grinnfhiosrúchán thar ceann d'eagraíochta.

4. Próiseas measúnaithe agus cinneadh

A luaithe atá na doiciméid riachtanacha ar fad agus an fhaisnéis riachtanach ar fad agat, beidh tú réidh le d'iarratas ar chlárú a chur isteach. Trí d'aimsir a thógáil le linn duit d'iarratas a ullmhú, laghdófar an dóchúlacht go seolfar d'iarratas ar ais chugat chun ceisteanna a chur ort nó chun iarraidh ort tuilleadh faisnéise a sholáthar.

An t-iarratas a chomhlánú agus a chur isteach

Ní ghlacaimid ach le hiarratais a dhéantar trí úsáid a bhaint as an bhfoirm thiomnaithe atá ar fáil tríd an gcóras ar líne ar a dtugtar 'Mo Chuntas'. Beidh ort cuntas úsáideora a chruthú chun an fhoirm sin a rochtain.

A luaithe atá cuntas custaiméara socraithe agat agus atá tú logáilte isteach, is féidir leat carthanas a chlárú agus an fhoirm um charthanas a chlárú a roghnú. Chuireamar treoir úsáideora le chéile chun cabhrú leat do bhealach a dhéanamh tríd an bpróiseas.

Tógfaidh sé tamall maith ort an fhoirm a chomhlánú, ach ní gá duit í a chomhlánú in aon bhabhta amháin. Is féidir leat do dhréachtleagan a shábháil agus filleadh ar ais air tráth níos déanaí. Ós rud é go bhfuil an fhoirm nasctha le cuntas custaiméara amháin, ní fhéadfaidh ach an duine sin an fhoirm a rochtain agus a chomhlánú.

Is gá duit an fhaisnéis riachtanach ar fad agus na doiciméid riachtanacha ar fad, mar atá leagtha amach sna treoirlínte seo, a chur faoinár mbráid. Cuirfear moill ar d'iarratas mura ndéanann tú amhlaidh. Beidh an t-am a thógfar chun iarratais a phróiseáil ag brath ar roinnt tosca, lena n-áirítear cáilíocht na faisnéise a soláthraíodh san iarratas agus cáilíocht na ndoiciméad tosaigh a fuair an Rialálaí Carthanas, an líon foriomlán iarratas atá á bpróiseáil, cineál agus méid na heagraíochta is iarratasóir agus a fhreagrúla a bheidh sí d'aon cheisteanna a chuirfear uirthi.



An Próiseas Clárúcháin

Feidhmíonn an Rialálaí Carthanas próiseas trí chéim chun iarratais a mheasúnú.

Céim 1: Seiceáil ar dhoiciméid

Ar an leibhéal seo, seiceáiltear iarratais chun a chinntiú gur cuireadh na doiciméid riachtanacha ar fad isteach mar chuid den iarratas. Seolfaimid an t-iarratas ar ais chugat i gcás go mbeidh aon doiciméid ar iarraidh.

Céim 2: Measúnú ó chásoifigeach

Tar éis duit iarratas iomlán a sholáthar, déantar measúnú air chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann d'eagraíocht na ceanglais chlárúcháin de réir na tástála carthanais. Is féidir go seolfaidh an cásoifigeach an t-iarratas ar ais chugat ag an gcéim seo chun tuilleadh sonraí nó soiléire a fháil. Tá sé chun leas d'eagraíochta freagra iomlán a thabhairt don chásoifigeach a luaithe is féidir.

Céim 3: Cinneadh

Breithneofar an t-iarratas comhlánaithe agus déanfaidh an tÚdarás cinneadh críochnaitheach ar chlárú a dheonú nó ar dhiúltú dó.

Is gnáthrud é go seoltar iarratais ar ais chuig iarratasóirí le linn an phróisis clárúcháin. Nuair a tharlaíonn sé sin, molaimid duit na cúiseanna a tugadh leis an iarratas a sheoladh ar ais a léamh go cúramach, aon saincheisteanna nó aon fhadhbanna a shainaithníomar a réiteach agus an t-iarratas a sheoladh ar ais chugainn go tráthúil chun leanúint le dul chun cinn réidh d'iarratais.

Má cheadaítear iarratas d'eagraíochta, tabharfaimid fógra duit faoin gcinneadh sin. Eiseofar Uimhir Charthanais Chláraithe chuig d'eagraíocht agus cuirfear í leis an gClár poiblí Carthanas. Tabharfaimid fógra duit freisin i gcás gur ceadaíodh d'iarratas faoi réir coinníollacha áirithe a bheith á gcomhlíonadh agat. Mar shampla, is féidir go gceanglófar ort doiciméad rialaithe leasaithe a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Má táimid ag smaoineamh faoi dhiúltú d'iarratas d'eagraíochta, tabharfaimid fógra i scríbhinn duit faoi sin, agus ár gcúiseanna leis an gcinneadh sin á leagan amach againn. Beidh ceart freagartha agat sula ndéantar cinneadh críochnaitheach. Más é an cinneadh críochnaitheach ná gur diúltaíodh do d'iarratas, cuirfear an méid sin in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar na cúiseanna leis an diúltú don iarratas.

Má diúltaíodh do d'iarratas, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Achomhairc do Charthanais. Is comhlacht neamhspleách é sin a bunaíodh leis an Acht. Má chinneann tú achomharc a dhéanamh i gcoinne aon chinnidh chun diúltú do d'iarratas, ní mór duit déanamh amhlaidh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis duit fógra a fháil faoin gcinneadh chun diúltú dó, mura bhfadaíonn an Binse Achomhairc do Charthanais an tréimhse le haghaidh achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh.

Cad ba cheart duit a dhéanamh má tá tú cláraithe

Má d'éirigh leat sa phróiseas clárúcháin, is ann do roinnt gníomhartha a molaimid duit iad a dhéanamh:

- Má rinne tú athruithe ar do bhunreacht le linn an phróisis clárúcháin, ceanglófar ort do dhoiciméad rialaithe athbhreithnithe a chur faoinár mbráid, agus é sínithe ag na hiontaobhaithe carthanais. Ní mór é sin a dhéanamh tamaillín tar éis clárúcháin.
- Nuashonraigh do shuíomh Gréasáin, do mheáin shóisialta, do cheann litreach agus do shínithe ríomhphoist chun d'uimhir charthanais chláraithe a chur ar áireamh iontu. Cuireann sé sin ar chumas daoine den phobal do stádas carthanúil a sheiceáil, agus tiomantas d'eagraíochta do thrédhearcacht agus do chuntasacht á léiriú.
- Déan iarratas chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar dhíolúine charthanúil chánach. Ní thugtar díolúine chánach go huathoibríoch duit nuair a chláraítear mar charthanas thú.

5. Seicliosta



Sula dtosaíonn tú an próiseas iarratais ar líne, bain úsáid as na seicliostaí áisiúla seo chun a chinntiú go bhfuil agat an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad a bheidh ag teastáil uait.

Seicliosta iarratais

Áirítear leis an liosta seo a leanas roinnt de na doiciméid is gá duit a léamh, a thuiscint agus a ullmhú sula dtosaíonn tú aon ghníomhaíochtaí nó sula gcuireann tú iarratas ar chlárú isteach:

- ✔ An bhfuil na **Treoirlínte Clárúcháin** uainn léite agat?
- ✔ An bhfuil an rannán maidir le comhlachtaí eisiata léite agat? An bhfuil tú i do chomhlacht eisiata?
- ✔ An bhfuil a fhios agat cén struchtúr a bheidh ar an eagraíocht?
- ✔ An bhfuil do bhunreacht dréachtaithe agat? Agus an bhfuil sé amhlaidh go dtuigeann tú na nithe atá le cur ar áireamh i do bhunreacht, bunaithe ar na bunreachtanna eiseamláireacha uainn do **Chuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta** agus do **Chomhlachais Neamhchorpraithe**?
- ✔ An bhfuil sé amhlaidh go dtuigeann tú do chuspóir carthanúil agus an bhfuil an treoir dar teideal **Cad is Carthanas ann?** léite agat?
- ✔ An bhfuil a fhios agat cé na gníomhaíochtaí a sheolann an eagraíocht charthanúil agus na gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe aici iad a sheoladh chun an cuspóir carthanúil nó na cuspóirí carthanúla atá aici a chur chun cinn?
- ✔ An bhfuil an doiciméad dar teideal **Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais** léite agat? An bhfuil triúr iontaobhaithe nó níos mó agat agus an bhfuil cothromaíocht ann ar an mbord?
- ✔ An bhfuil sé amhlaidh go dtuigeann tú coinbhleacht leasa agus an bhfuil an treoir dar teideal **Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais** léite agat?
- ✔ An bhfuil an treoir dar teideal **Treoir maidir le Cosaint d'Eagraíochtaí Carthanúla a Oibríonn le Leanaí** léite agat?
- ✔ An bhfuil an treoir dar teideal **Treoir maidir le Cosaint d'Eagraíochtaí Carthanúla a Oibríonn le Daoine Soghonta (Aosaigh)** léite agat?
- ✔ An bhfuil a fhios agat cé na cuspóirí atá agat chun do chuspóir carthanúil a chur ar aghaidh ar feadh na 24 mhí atá romhainn?
- ✔ An bhfuil a fhios agat conas a chruinníonn an eagraíocht charthanúil airgead agus conas a bheartaíonn sí airgead a chruinniú?
- ✔ An bhfuil sonraí agat faoin líon ball foirne agus oibrithe deonacha atá agat?
- ✔ An bhfuil a fhios agat cá mhéad airgid a chruinnigh an eagraíocht charthanúil le linn an 12 mhí díreach roimh an iarratas?
- ✔ An bhfuil sonraí agat faoi gach cuntas banc agus gach cuntas comhar creidmheasa atá ag an eagraíocht charthanúil?
- ✔ An bhfuil ainm gach iontaobhaí carthanais agus an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí orthu ar eolas agat?

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Uimhir Thagartha an Doiciméid: Na príomhchéimeanna i dtreo carthanas a chlárú – Rev 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
LSAI Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2023